
# Árais Máithreacha agus Naíonán

## Stair na Sraithe Sóisearaí

Aonad 2

SLEAMHNÁN 1



NCCA

# Aonad 2: Imlíne

| Sleamhnán | Uimhir na Gníomhaíochta | Ainm na Gníomhaíochta | Cur síos |
|---|---|---|---|
| 3 | 1 | Athchuairt a thabhairt ar ár Spás Cróga | Ceist a chumadh do pháirtí ranga faoin gComhaontú Spáis Chróga (obair aonair) |
| 4 | 2 | Áras a shamhlú | Áras Máithreacha agus Naíonán Thuama a shamhlú bunaithe ar chineálach cur síos staire (obair indibhidiúil) |
| 5 | 3 | Amlíne árais* | Amlíne dhaonna d'áras Thuama (obair indibhidiúil, obair i ngrúpaí beaga) |
| 6 | 4 | Ceangail leis an áras* | Daoine/grúpaí a shainaithint a mhair in áras Thuama nó a bhí ceangailte leis (obair i ngrúpaí beaga) |
| 7 | 5 | Freagracht | Freagracht as na hÁrais Máithreacha agus Naíonán (plé uile ranga) |
| 8 | 6 | Na hárais a léarscáiliú | Árais Máithreacha agus Naíonán a aimsiú (ionchur agus léiriú ón múinteoir, obair bheirte) **NB:** Rochtain ar an Idirlíon ag teastáil anseo |
| 10 | 7 | Tost | Machnamh (obair aonair) |

* Féach 'Stair na Sraithe Sóisearaí Aonad 2_Gníomhaíochtaí 3 & 4_Cártaí amlíne.pdf' } Ullmhúchán an mhúinteora ag teastáil


## Nótaí an Mhúinteora

I ngníomhaíochtaí Aonad 2, glacann an scoláire páirt i bhfoghlaim atá nasctha leis na torthaí foghlama a liostaítear thíos:

### Ba chóir go mbeadh sé ar chumas an scoláire:

- **Toradh Foghlama 1.1:** ionbhá stairiúil a fhorbairt trí fhéachaint ar dhaoine, ar shaincheisteanna agus ar eachtraí ar thángthas trasna orthu ina staidéar ar an am atá thart i gcomhthéacs na tréimhse sin sa stair
- **Toradh Foghlama 1.3:** suntas a thabhairt ar a stair chultúrtha trí shuíomhanna agus foirgnimh stairiúla a aithint agus plé a dhéanamh ar an bhfáth a ndéantar comóradh ar phearsantachtaí, eachtraí agus saincheisteanna stairiúla
- **Toradh Foghlama 1.7:** breithiúnais stairiúla a dhéanamh bunaithe ar fhianaise faoi phearsantachtaí, saincheisteanna agus eachtraí san am atá thart, ag léiriú feasachta maidir le tábhacht stairiúil
- **Toradh Foghlama 1.10:** tuiscint chróineolaíoch a léiriú trí línte ama a chruthú agus a choinneáil de na pearsantachtaí, saincheisteanna agus eachtraí ionas gur féidir iad a aimsiú de réir mar a tháinig siad chun cinn sna tréimhsí staire áirithe
- **Toradh Foghlama 2.9:** an t-athrú atá tagtha ar thaithí na mban i sochaí na hÉireann san fhichiú haois a mhíniú

*San aonad seo, déanfaimid fiosrú ar an stair a bhaineann leis an Áras Máithreacha agus Naíonán i dTuaim, Co. na Gaillimhe, agus foghlaimeoimid faoi na daoine agus na grúpaí a bhaineann leis an institiúid áirithe seo.*




## Nótaí an Mhúinteora

**Tabhair faoi deara: Ba cheart go mbeadh an Comhaontú Spáis Chróga (Aonad 1, Gníomhaíocht 2) ar taispeáint in áit fheiceálach sa seomra ranga.**

Tacaigh leis na scoláirí páirt a ghlacadh sa ghníomhaíocht de réir na gcéimeanna ar an sleamhnán.

Ag brath ar do rang agus ar chineál an Chomhaontaithe Spáis Chróga, nuair a bhainfidh tú amach an tríú pointe urchair ar an sleamhnán, b'fhéidir gur mhaith leat ceann de na ceisteanna spreagtha seo a leanas a chur orthu:

- An mbíonn sibh ionraic maidir le bhur dtuairimí agus dearcthaí, agus mura mbíonn, cén fáth é sin?
- An nglacann sibh páirt chomh maith agus is féidir libh agus mura nglacann, cén fáth é sin?
- An bhfuil dearcthaí éagsúla luachmhar dar libh agus an ndéanann sibh iarracht tuiscint a fháil ar as a n-eascraíonn siad? Murab amhlaidh an cás, cén fáth?
- An nglacann sibh 'freagracht' as an gcaoi a mbíonn tionchar ag an méid a deir sibh agus ag bhur n-iompraíocht ar dhaoine eile? Murab amhlaidh an cás, cén fáth?
- An ligeann sibh do dhaoine eile páirt a ghlacadh, agus a chinntiú go mbíonn deis labhartha acu? Murab amhlaidh an cás, cén fáth?

Iarr ar na scoláirí a gceist a choinneáil sábháilte go dtí deireadh an aonaid seo.

NCCA

# Gníomhaíocht 2: Áras a shamhlú

***Ba choimhthíoch an áit é an t-áras máithreacha agus naíonán. Foirgneamh mór millteach a bhí ann, i bhfad níos mó ná rud ar bith eile i dTuaim, seachas an Ardeaglais.'*** Bhí ***'scealpa gloine leabaithe i mbarr'*** an ***'bhalla ard cloiche' timpeall an árais.***

Catherine Corless, staraí agus gníomhaí áitiúil



Macasamhail den áras Máithreacha agus Naíonán, Tuaim, Co. na Gaillimhe. Grianghraf le caoinchead ó Catherine Corless

## Nótaí an Mhúinteora (tá beochan sa sleamhnán – bí cinnte go bhfuil tú i modh an láithreora)

*Tógaigí amach cóipleabhar nó píosa páipéir agus pinn luaidhe/marcóirí.*

*Scriosadh Áras Máithreacha agus Naíonán Thuama in 1971, mar sin, caithfimid brath ar na seanghrianghraif, ach ní mórán atá ann, agus ar chuimhní agus ar na tuairiscí a thug na daoine a mhair san áras nó a thug cuairt air le go mbeidh a fhios againn cén chuma a bhí air.*

*Léifimid 3 chur síos ar fhoirgnimh Áras Máithreacha agus Naíonán Thuama agus ar a raibh ina thimpeall.*

*Breacaigí nótaí, mar go mbeidh sibhse ag tarraingt pictiúr d'áras Thuama bunaithe ar na tuairiscí sin.*

**Cliceáil trí huaire chun trí thuairisc éagsúla a thaispeáint d'áras Thuama. Tabhair dóthain ama idir gach ceann ionas go mbeidh na scoláirí in ann oibriú ar a líníocht.**

Spreag na scoláirí breathnú go mion ar na tuairiscí, ach gan imní a dhéanamh de líníochtaí ealaíonta iontacha.

**Cliceáil chun grianghraf a thaispeáint de mhacasamhail d'Áras Máithreacha agus Naíonán Thuama.**

Déan éascaíocht ar phlé ranga uile, bunaithe ar na ceisteanna spreagtha seo a leanas:

- *An bhfuil do líníocht pioc cosúil leis an macasamhail d'áras Thuama?*
- *Céard a sheasann amach duit faoin macasamhail seo, má sheasann rud ar bith amach?*
- *Sa chur síos a rinne Julia Carter, rinne sí comparáid idir áras Máithreacha agus Naíonán Thuama agus an eaglais i dTuaim. An gcuireann an mhacasamhail seo aon cheann de na foirgnimh a bhfuil eolas agat orthu i gcuimhne duit? Cén chaoi?*

### Foinsí

Sliocht ó Julia Carter mar thagairt in Burke, D. A voice from the Tuam home: Part 1 in Tuam Herald, 12 Eanáir 2021.

Siúr Bon Secours – Sliocht as leabhar a scríobh an Mháthair Eugene O'Sullivan chun comóradh a dhéanamh ar an 150ú bliain de Shiúracha Bon Secours a bheith ar an bhfód in Chapter 15: The Tuam Children's Home, Report of the Commission of Investigation into Mother and Baby Homes. lch 9.

Corless, C. 2021. Belonging, Hatchette Ireland, caibidil 5.

## Buíochas

Rinne an staraí Catherine Corless mionsamhail d'áras Thuama de réir scála (le feiceáil ar an sleamhnán) ach úsáid a bhaint as taifeadtaí staire ar nós sean-léarscáileanna agus cáipéisí a bhaineann leis an ré tar éis an Ghorta Mhóir nuair a baineadh úsáid as an bhfoirgneamh mar theach na mbocht. Thug Catherine cead go flaithiúil le go bhféadfaí a grianghraf den mhionsamhail a athchruthú sna hábhair seo.

NCCA

## Gníomhaíocht 3: Amlíne árais

Roinn 1

- Léigh trí do chárta agus sainaithin aon fhocal nó frása nach dtuigeann tú. Cuir ceist ar chara leat chun cúnamh a fháil uaidh. Mura n-oibreoidh sé sin, cuir ceist orm.

Roinn 2


- Cruthaigh amlíne d'áras Thuama, ach sibh féin a chur in ord go fisiciúil ón mbliain ina luaithe go dtí an bhliain is déanaí.

Roinnfidh mé sibh in bhur ngrúpaí beaga

Roinn 3

- I do ghrúpa féin, pleanáil agus cruthaigh láithreoireacht faoi na himeachtaí/pearsantachtaí ar na cártaí ar fad atá agaibh le chéile.

Beidh na láithreoireachtaí grúpa in ord croineolaíoch (ón mbliain is luaithe go dtí na blianta is déanaí)



# Nótaí an Mhúinteora

**Tabhair faoi deara: Beidh ort rochtain a fháil ar 'JC History Unit 2_Activities 3 & 4_Timeline cards.pdf' agus beidh ort na cártaí amlíne a réiteach roimh an ngníomhaíocht seo. Úsáidtear na cártaí amlíne céanna i nGníomhaíocht 4.**

Roinntear an ghníomhaíocht seo ina trí chuid.

Cuid 1:

Tabhair cárta amlíne amháin do gach scoláire.

Cinntigh go dtuigeann gach scoláire an t eolas ar a gcárta féin.

Cuid 2:

Iarr ar gach scoláire seasamh i líne in ord croineolaíoch (tá an bhliain ar an gcárta amlíne) ón mbliain is luaithe go dtí an bhliain is déanaí.

Le linn do na scoláirí a bheith ina seasamh in amlíne dhaonna, roinn iad ina ngrúpaí de 4-5, ionas go bhfuil siad le daoine eile ag a bhfuil cártaí agus na blianta mórán mar a chéile orthu.

Cuid 3:

Iarr ar gach scoláire oibriú le chéile ina ngrúpaí chun cur i láthair a phleanáil faoi na himeachtaí/daoine ar na cártaí amlíne ar fad. Tabhair dóthain ama ullmhúcháin dóibh.

Cuidigh leis an ngrúpa ag a bhfuil na blianta is luaithe i dtosach, agus mar sin suas go dtí an cur i láthair bunaithe ar na blianta is déanaí.

### Tasc féideartha don obair bhaile

*Cuirigí le hamlíne an árais Máithreacha agus Naíonán i dTuaim. Déanaigí trí chárta amlíne eile nó níos mó bunaithe ar phearsana, ceisteanna agus imeachtaí ábhartha in Éirinn nó thar sáile sa tréimhse 1924-61.*

Ag brath ar do rang, b'fhéidir gur mhaith leat na scoláirí a spreagadh breathnú ar **Timeline of the Final Report of the Commission of Investigation into Mother and Baby Homes**

**Tabhair faoi deara: Iarr ar na scoláirí fanacht ina ngrúpa agus greim a choinneáil ar na cártaí amlíne don chéad ghníomhaíocht eile.**

## Foinsí

Gníomhaíocht bunaithe ar Feeney, E. 'Tuam Oral History Project: Lesson planning for Transition Year' (acmhainn neamhfhoilsithe).

Julia Carter in Burke, D. **A voice from the Tuam home: Roinn 1** in Tuam Herald, an 12 Eanáir 2021.

Caibidil 15: Áras Naíonán Thuama, **Tuarascáil an Choimisiúin Imscrúdúcháin ar Árais Mháithreacha agus Naíonán**. lch. 9.

NCCA

## Gníomhaíocht 4: Ceangail leis an áras

| Cé? | Cén chaoi a raibh siad páirteach/ceangailte? |
|---|---|
| An fhoireann san Ospidéal Lárnach, i gcathair na Gaillimhe | Idir 1925-35 (sula raibh aonad máithreachais dá chuid féin ag áras Thuama) rugadh páistí in Ospidéal Lárnach i gcathair na Gaillimhe agus aistríodh ansin go dtí an t-áras Máithreacha agus Naíonán iad i dTuaim. |
| Seantuismitheoirí na bpáistí san áras | D'áitigh dochtúir áitiúil gur bhailigh Comhairle Contae na Gaillimhe (údarás rialtais áitiúil) íocaíochtaí ó roinnt tuismitheoirí na máithreacha in áras Thuama (1957) |
| Oibrithe ó lasmuigh den áras | Mar shampla, na daoine a shuiteáil an soilsiú leictreach in 1927 agus na daoine a scrios an t-áras in 1971 |
| … | … |
| … | … |
| … | … |
| … | … |
| … | … |
| … | … |

# Nótaí an Mhúinteora

Roinn an rang ina ngrúpaí beaga.

*Bhíodh íospartaigh an Ghorta Mhóir ina gcónaí in áras Thuama ar dtús, ach saighdiúirí agus príosúnaigh a chónaigh ann ina dhiaidh sin. Ón mbliain 1925 ar aghaidh, ina gcónaí san áras bhí mná (a bhí ag súil le páistí/máithreacha), naíonáin agus páistí, líon beag de mhná rialta Bon Secours, faoi stiúir an Mháthair-Uachtaráin, searbhóntaí a d'oibrigh san fhoirgneamh agus ar na sé acra leis an áras, i dteannta le haltra agus feighlí. Mar sin féin, bhí roinnt mhaith daoine eile bainteach nó ceangailte leis an áras.*

*In bhur ngrúpa féin, breathnaígí ar na cártaí amlíne ar fad atá agaibh le chéile. Aimsígí 3 chatagóir nó níos mó de dhaoine nó grúpaí a bhí bainteach nó ceangailte le háras Thuama. I ngach cás, sainaithnígí an chaoi a raibh siad bainteach nó ceangailte leis an áras. Tá cúpla sampla ar an sleamhnán le cuidiú libh tosú air seo.*

Glac le haiseolas ó gach grúpa, agus déan taifead ar a bhfreagraí i dtábla (fearacht an tsampla ar an sleamhnán). Déan éascaíocht ar phlé ranga uile, bunaithe ar na ceisteanna spreagtha seo a leanas:

- *An bhfuil bealach ar bith ann inar féidir catagóiriú a dhéanamh ar a bhfuil sa cholún 'cé'?*

  [Freagraí féideartha: idirdhealú a dhéanamh idir na daoine aonair agus na daoine a bhí mar chuid de ghrúpa nó d'eagraíocht; faoi na teidil eaglais, stát (rialtas) agus an tsochaí; idirdhealú a dhéanamh idir na daoine a shaothraigh airgead ón mbaint/ón gceangal a bhí acu leis an áras agus na daoine nár shaothraigh].
- *An bhfuil sibh in ann aon tátal a bhaint as an ngníomhaíocht seo?*

Ag brath ar an rang, b'fhéidir gur mhaith leat teacht ar ais chuig an tábla seo go tréimhsiúil ar fud na nAonad/na nGníomhaíochtaí atá fágtha, chun cur le liosta na ndaoine atá ceangailte/bainteach leis an áras Máithreacha agus Naíonán i dTuaim.

<u>Eolas breise:</u>

Ag brath ar an rang, b'fhéidir gur mhaith leat an t eolas seo a leanas a roinnt leo:

Ba le Comhairle Chontae na Gaillimhe (údarás rialtais áitiúil) foirgneamh an árais i dTuaim, agus bhí sí freagrach as cothabháil agus as feabhsúcháin an fhoirgnimh. Rinne Bord Sláinte na Gaillimhe na príomhchinntí a bhain leis an áras, agus bhíodh baill de Chomhairle Chontae na Gaillimhe agus de Choiste na nÁras Contae agus den Choiste um Chúnamh do na hÁrais (CHHAC), fochoiste den Bhord Sláinte, mar chuid den Bhord. Thionóil an

Bord um Shláinte agus CHHAC cruinnithe in áras Thuama uaireanta.

Ní bhfuair mná rialta Bon Secours tuarastal, ach íocadh iad trí tháille sheachtainiúil ó údaráis na Gaillimhe agus Mhaigh Eo as gach bean agus páiste i dTuaim. Bhí an t airgead sin le caitheamh ar bhia agus ar sholáthairtí eile.

D'íoc Comhairle Chontae na Gaillimhe as deisiúcháin sheachtracha ar an bhfoirgneamh, rátaí, uisce, cíos agus árachas agus as tuarastail an tséiplínigh, an oifigigh leighis, agus an altra máithreachais.

## Foinsí

Julia Carter in **Burke, D. A voice from the Tuam home: Part 1** in Tuam Herald, 12 Eanáir 2021.

Chapter 15: The Tuam Children's Home, **Final Report of the Commission of Investigation into Mother and Baby Homes**. lgh 4, 9.

NCCA

## Gníomhaíocht 5: Freagracht

...Bheadh sé éasca, ach ní bheadh sé an-chruinn, diúltú don mhéid a tharla i gcúram páistí san am a caitheadh ó tharla nach bhfuil aon bhaint aige sin linne; chun mná rialta agus cléirigh aonair nó oird rialta iomlána a dhamnú agus milleán a chur ar 'an Eaglais' as an méid a tharla; chun muid féin a dhealú uaidh agus muid a shaoradh ó mhilleán. **Bhí an tsochaí trí chéile comhfhreagrach as an méid a tharla.**
Siúr Stanislaus Kennedy, oibrí sóisialta, gníomhaí agus scríbhneoir

Tháinig an Eaglais agus an Stát le chéile chun bunreacht a scríobh, agus is é sin an conradh a gcaithfidh gach saoránach cloí leis. Mar sin, **tá an fhreagracht ar réimeas na hEaglaise agus an Stáit, agus ní ar mhuintir na hÉireann.** ... Bhí muid mar shochaí, faoi stiúir na hEaglaise agus an Stáit go comhéigneach le hiompar ar bhealaí nach bhfuil ar aon dul lenár suáilcí.
Laura Murphy, iníon mharthanóra ó áras Máithreacha agus Naíonán

## Nótaí an Mhúinteora

Iarr ar scoláirí atá toilteanach an dá shliocht ar an sleamhnán a léamh amach. Ag brath ar an rang, b'fhéidir go mbeadh ort na sleachta a.

*Is féidir an focal 'freagracht' a úsáid ar bhealaí éagsúla. D'fhéadfadh go gciallódh sé go bhfuil an milleán ar dhuine nó ar rud, nó d'fhéadfadh go gciallódh sé go bhfuil duine nó rud freagrach as; nó cuntasach faoi; rud a bhfuil neart aige air nó faoina smacht. Meas sibh cén chiall a bhain an tSiúr Stanislaus Kennedy agus Laura Murphy as ina sleachta ar an sleamhnán?*

*Bunaithe ar a bhfuil ar eolas agaibh faoi na hárais Máithreacha agus Naíonán, an aontaíonn sibh go raibh an tsochaí go ginearálta freagrach as an méid a tharla, nó an raibh an fhreagracht ar réimeas na hEaglaise agus an Stáit dar libh? Cén fhianaise atá agaibh mar thaca le bhur mbreithiúnas?*

Ag brath ar do rang, b'fhéidir gur mhaith leat tagairt a dhéanamh do Catherine Connolly, T.D. le haghaidh Gaillimh Thiar, a dúirt ina ráiteas Dála (21 Eanáir 2021), mar fhreagra ar chonclúid an Choimisiúin faoi fhreagracht shochaíoch na n áras Máithreacha agus Naíonán: 'Níl mise freagrach as. Níl mo mhuintir freagrach as. Níl an fhreagracht ar na daoine a bhfuil aithne agamsa orthu. Agus go deimhin, is cinnte nach iad daoine a cuireadh isteach sna hárais a bhí freagrach. ...Rinne sochaí de dhaoine cumhachtacha an beart seo ar na daoine gan chumhacht' Ráiteas Catherine Connolly TD: Report on the Commission of Investigation into Mother and Baby Homes

*An bhfuil sé tábhachtach breathnú ar na bearta a rinne daoine san am a caitheamh i gcomhthéacs an ré inar mhair siad dar libh? Cén fáth? Cén fáth nach bhfuil?*

### Foinsí

Kennedy, S. 'Child Care in Ireland,' tagairt in Smith. J. 'The hidden Ireland: Out of sight, out of mind... out of history?' (láithreoireacht neamhfhoilsithe ó 'Outcast Ireland' Cúrsa Choláiste Bhostúin).

Murphy, L. An Open Letter to An Taoiseach from the daughter of a Mother and Baby Home survivor. 1 Feabhra 2021.

NCCA

## Gníomhaíocht 6: Na hárais a léarscáiliú

- Ard Mhuire - **Dún Búinne, Co. na Mí**
- Belmont (Árasáin) - **Ascaill Belmont, Baile Átha Cliath 4**
- Áras Bessboro - **An Dúcharraig, Corcaigh**
- Áras Bethany* - **Plás Blackhall** ó thús, **Bhaile Átha Cliath 7, agus Bóthar Orwell** ina dhiaidh sin **Ráth Garbh, Baile Átha Cliath 6**
- Áras Denny - **8 Sráid Líosain Íochtarach ó thús, Baile Átha Cliath 2, Bóthar Eglinton** ina dhiaidh sin, **Baile Átha Cliath 4**
- Cill Rois - **Bóthar Chuar an Chláir, Co. an Chláir**
- Áras Mainéir - **Baile na gCros, Co. na hIarmhí**
- Ms. Carr (Árasáin) - **16 Bóthar Northbrook, Baile Átha Cliath 6**
- Óstán Reg Coeli - **Sráid Brunswick Thuaidh, Baile Átha Cliath 7**
- Mainistir Sean Ross - **Ros Cré, Co. Thiobraid Árann**
- Áras St. Gerard - **39 Cearnóg Mhuinseo, Baile Átha Cliath 1**
- Áras St. Patrick - **Baile Pheiléid** ó thús, **Bóthar na hUaimhe, Baile Átha Cliath 7, Áras Eglinton** ina dhiaidh sin, **Bóthar Eglinton, Baile Átha Cliath 4**
- The Castle - **An Baile Nua, Co. Thír Chonaill**




Áras Máithreacha agus Naíonán, **Tuaim, Co. na Gaillimhe**

## Nótaí an Mhúinteora (teastaíonn an t-idirlíon don ghníomhaíocht seo)

*Ar an sleamhnán seo, tá liosta le feiceáil de na hárais Máithreacha agus Naíonán a bhí in Éirinn ó 1922–1998.*

Tá liosta níos cuimsithí de na hinstitiúidí in Chapter 2: Institutions, Final Report of the Commission of Investigation into Mother and Baby Homes; McGettrick, C. et al. 2022. List of Institutions, Agencies and Personnel Involved in Separating Unmarried Mothers from their Children. Baile Átha Cliath: Justice for Magdalenes Research agus Adoption Rights Alliance.

**Is é Áras Bethany an t-aon áras ar an sleamhnán a bhí bainteach le hEaglais na hÉireann. Thug Bethany isteach mná agus páistí Caitliceacha, rud a ghoill ar an gcléir Chaitliceach, a raibh imní orthu go ndearnadh sin chun áitiú ar chailíní/mhná a gcreideamh a athrú.*

*Ar an léarscáil, is féidir an áit a raibh áras Máithreacha agus Naíonán Thuama lonnaithe a fheiceáil (marcóir dearg ar an léarscáil ar an sleamhnán).*

*Tugaigí spléachadh eile ar na seoltaí ar an sleamhnán. Cad é an suíomh Árais Máithreacha agus Naíonán ba ghaire don áit a bhfuil an scoil seo inniu?*

Úsáid seoladh an árais Máithreacha agus Naíonán is gaire don scoil lena thaispeáint cén chaoi chun seoltaí nó bóithre sonracha a chuardach ar Google Maps.

**Tabhair faoi deara: Má bhí áras Máithreacha agus Naíonán sa cheantar nach bhfuil ar an sleamhnán, b'fhéidir gurbh fhearr leat an institiúid sin a chuardach ina áit sin.**

Zúmáil amach chun suíomh an árais ar leith a thaispeáint ar léarscáil na hÉireann (de réir Thuama ar léarscáil na hÉireann ar an sleamhnán).

Roinn an rang ina mbheirteanna.

*Is staraí í an Dr Sarah-Anne Buckley atá rannpháirteach i dteistiméireachtaí béil a bhailiú ó mharthanóirí ó áras Máithreacha agus Naíonán Thuama, agus d'fhiafraigh sí cén fáth 'a dtugaimid tús áite do roinnt scéalta seachas scéalta eile. Dírímid ar roinnt institiúidí níos mó ná institiúidí eile.'*

*Samhlaígí go bhfuil oraibh teideal a chur ar íomhá na léarscáile seo ionas gur féidir í a chur i dtéacsleabhar Staire na Sraithe Sóisearaí.*

*Cuimhnígí ar cheist an Dr Buckley, le linn daoibh a bheith ag obair le chéile chun teideal maith a chumadh dár léarscáil.*

## Foinsí

Buckley, S-A. What the Tuam Oral History Project tells us about Ireland's past? 30 Iúil 2020.

Chapter 22: Bethany, Final Report of the Commission of Investigation into Mother and Baby Homes

Sraith alt Sraith alt ar an Irish Examiner ar Derek Leinster, marthanóir agus feachtasóir a rugadh in áras Bethany.

NCCA

Má chuireann aon cheann de na saincheisteanna seo san aonad seo isteach ort, agus má theastaíonn tacaíocht uait, tar anuas orm tar éis an ranga, labhair le cara, duine fásta agus/nó teagmhálaí a bhfuil muinín agat as:

**Adoption Rights Alliance:** www.facebook.com/AdoptionRightsAllianceIreland/

**Barnardos Origins, Post Adoption and Bereavement Services:** www.barnardos.ie

**Na Samáraigh:** www.samaritans.org
Guthán: 116123

**Childline:** www.childline.ie
Guthán: 1800 66 66 66

**Jigsaw:** www.jigsaw.ie

## Nótaí an Mhúinteora

*Seans go gcuirfidh an t-ábhar a bheidh á chlúdach againn sna haonaid seo isteach ar roinnt agaibh. Is freagairt nádúrtha, shothuigthe é sin ar an méid a dtugann marthanóirí 'ré dhorcha' inár stair náisiúnta air.*

*Má chuireann aon rud a thagann chun cinn sna haonaid seo isteach ort go pearsanta, agus má theastaíonn tacaíocht uait, tar chugam tar éis an ranga, labhair le cara nó duine fásta a bhfuil muinín agat astu, agus/nó téigh i dteagmháil le ceann de na seirbhísí tacaíochta seachtracha atá ar an liosta ar an sleamhnán.*

NCCA

## Gníomhaíocht 7: Tost

**CEIST FAOIN gCOMHAONTÚ SPÁIS CHRÓGA**



Cuimsítear leis an gcnaipe tosta, ciorcal agus dhá dhronuilleog taobh istigh de.

Tóg píosa páipéir, cas é ionas go mbeidh sé treoshuite i radharc tíre (cosúil leis an sleamhnán seo).

Cóipeáil imlíne an chnaipe tosta, agus é a dhéanamh a mhéad agus is féidir ar do leathanach.

Samhlaigh go gcuimsítear leis an spás laistigh den chiorcal, gach rud a d'fhoghlaim tú san aonad seo. Scríobh nó tarraing d'fhoghlaim sa spás seo.

Úsáid dhá dhronuilleog i lár do chnaipe tosta chun an dá rud is tábhachtaí a thabharfaidh tú leat as an aonad seo a scríobh síos.

# Nótaí an Mhúinteora

**Tabhair faoi deara: Spreag na scoláirí le freagra a scríobh ar a gceist maidir le Comhaontú Spáis Chróga (féach Aonad 2, Gníomhaíocht 1).**

Ba cheart do na scoláirí an ghníomhaíocht Tost agus na freagraí maidir leis an gComhaontú Spáis Chróga a dhéanamh astu féin, agus ní gá iad seo a roinnt i measc an ranga ná leis an múinteoir.

*Sa chéad aonad eile, beimid ag plé le stair béil nó stairsheanchas – teistiméireachtaí marthanóirí – mar bhealach chun iniúchadh a dhéanamh ar thaithí na mban agus na bpáistí a bhí san áras máithreacha agus naíonán i dTuaim.*